


# Iníúchóirí

## Dualgais agus Cearta

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Clár

---

Maidir leis an treoir seo	2
Cad is iniúcháireacht ann?	2
Cad is iniúcháir ann?	2
Cé na daoine a gceadaítear dóibh feidhmiú ina n-iniúcháirí?	2
Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú ina n-iniúcháirí ag cuideachta?	3
Cad atá i gceist le hiniúchadh?	3
Cathain is gá iniúcháireacht a dhéanamh?	4
Conas a cheaptar iniúcháirí?	5
Cad iad dualgais na n-iniúcháirí?	5
Cad iad na cineálacha tuairime is féidir le iniúcháirí a thabhairt?	6
Cad iad na dualgais eile atá ar iniúcháirí?	6
Dualgas tuairisc a thabhairt má tharla loiceadh taifid cuntasaíochta chuí a choimeád	6
Dualgas tuairisc a thabhairt faoi chionta catagóir 1 agus 2	7
Dualgas míniú a thabhairt i gcás éirí as oifig	7
Dualgas feidhmiú le macántacht ghairmiúil	8
Cad iad na cearta atá ag iniúcháirí?	8
Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?	8

## Maidir leis an treoir seo

---

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn ról agus dualgais iniúcháirí faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## Cad is iniúcháireacht ann?

---

Is ionann iniúcháireacht agus athbhreithniú ar ráitis airgeadais cuideachta agus sin á dhéanamh ag saineolaí neamhspleách ar a dtugtar iniúcháir. Is é cuspóir atá le hiniúchadh tuairim neamhspleách faoi ráitis airgeadais a chur ar fáil d'úinéirí na cuideachta (ar a dtugtar freisin comhaltaí nó scairshealbhóirí) cibé an bhfuil siad:

- fíor agus cóir nó a luaitear go cothrom; agus
- i gcomhréir le ceanglais áirithe in Acht na gCuideachtaí.

## Cad is iniúcháir ann?

---

Faoi Acht na gCuideachtaí, is duine aonair nó gnólacht neamhspleách é an t-iniúcháir atá cáilithe chun iniúchtaí a dhéanamh.

## Cé na daoine a gceadaítear dóibh feidhmiú ina n-iniúcháirí?

---

Is féidir le duine aonair nó gnólacht a bhfuil an cáilíocht ábhartha acu chun iniúchadh a dhéanamh bheith ina (h)iniúcháir cuideachta. Tá liosta iomlán na n-iniúcháirí cáilithe chun iniúchtaí cuideachta a dhéanamh ar fáil ag: - <https://search.cro.ie/auditors/>

## Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú ina n-iniúcháirí ag cuideachta?

---

Ní cheadaítear do stiúrthóirí cuideachta, rúnaithe cuideachta, fostaithe cuideachta ná neasghaoil dá gcuid, iniúcháireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais na cuideachta sin. Tá cosc air sin ionas go gcinntítear neamhspleáchas dáiríre na hiniúcháireachta.

## Cad atá i gceist le hiniúchadh?

---

Agus iniúchadh á dhéanamh aige, déanfaidh iniúcháir scrúdú ar ráitis airgeadais na cuideachta agus cinnteofar go gcomhlíonann siad ceanglais Acht na gCuideachtaí agus na gCaighdeán Iniúchta. Is gnách go mbíonn na trí thascanna leagtha amach thíos sa phróiseas iniúchta.

### 1. Foghlaim faoin cuideachta

Gheobhaidh an t-iniúcháir tuiscint ar ghnó na cuideachta agus aithneofar na réimsí:

- ina bhfuil an baol is mó don ghnó; agus
- de na ráitis airgeadais is dóichí a bheith mícheart.

### 2. Seiceáil agus Cinneadh a Dhéanamh

Dhéanfaidís freisin:

- cruinneas sampla idirbhearta, iarmhéideanna cuntais agus nochtadh (rudaí faoin gcuideachta a gcaithfear a áireamh sna ráitis airgeadais) a sheiceáil. D'fhéadfadh nochtadh a bheith san áireamh líon na bhfostaithe agus luach saothair na stiúrthóirí (pá);

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil polasaithe cuntasáochta na cuideachta réasúnta (baineann sé seo leis an modh a úsáidtear chun míreanna agus iomláin a ríomh sa chlár comhardaithe agus ar an gcuntas brabúis agus cailleanais);
- d'aithinfeadh siad agus déanfaidís measúnú ar rialuithe inmheánacha na cuideachta agus tuairisciú do stiúrthóirí na cuideachta maidir le haon laigí sna rialuithe sin a d'fhéadfadh cailleanas nó calaois a bheith ann.

### 3. Déan measúnú, meastóireacht agus tuairisciú

Dhéanfaidh an t-iniúchóir:

- measúnú ar cibé an bhfuil na meastacháin agus na breithiúnais a raibh na stiúrthóirí ag brath orthu nuair a d'ullmhaigh siad na ráitis airgeadais inghlactha;
- meastóireacht ar aon imeachtaí suntasacha a tharla ó ullmhaíodh na ráitis airgeadais;
- scríobhfaidís chuig na stiúrthóirí ag leagan amach aon fhadhbanna nó earráidí a fuarthas le linn an iniúchta agus comhairle a thabhairt maidir le conas a déileáil leo; agus
- d'eisidís tuarascáil an iniúchóra chuig baill na cuideachta.

## Cathain is gá iniúchóireacht a dhéanamh?

Go ginearálta, caithfidh gach cuideachta a ráitis airgeadais a iniúchadh gach bliain, mura bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine iniúchta a fháil, agus roghnaíonn sé leas a bhaint as. Mar shampla, is féidir le cuideachtaí beaga agus le roinnt cuideachtaí atá teoranta de réir ráthaíochta (CTRanna) breithniú gan iniúchadh a dhéanamh má chomhlíonann siad dhá cheann de na coinníollacha seo a leanas sa chatagóir ábhartha:

## Cuideachta Beag

- láimhdeachas (ioncam) de €12 milliún nó níos lú;
- iomlán €6 milliún nó níos lú ar chlár comhardaithe (tugann an clár comhardaithe sócmhainní agus dliteanais na cuideachta ag am áirithe);
- 50 fostaí nó níos lú, ar an meán.

Ní mór don chuideachta a thuairisceán bliantúil a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) in am don dá bhliain roimhe sin. Caillfidh cuideachta a dteastaíonn uaidh a thuairisceán bliantúil a chomhdú in am an ceart chun díolúine iniúchta a úsáid don dá bhliain ina dhiaidh sin.

## Conas a cheapar iniúcháirí?

---

Is iondúil gurb iad na stiúrthóirí a cheapann an t-iniúcháir tosaigh ar chuideachta nua. Ina dhiaidh sin, is iad comhaltaí na cuideachta a cheapann nó a athcheapann na hiniúcháirí ag cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) bunaithe ar mholadh ó stiúrthóirí na cuideachta.

## Cad iad dualgais na n-iniúcháirí?

---

Is é an dualgas is mó a leagtar ar an iniúcháir tuairisc a thabhairt do chomhaltaí faoi “fírinne agus cothroime” nó faoi chruinneas agus iontaofacht ráitis airgeadais na cuideachta. Ní mór tuarascáil na n-iniúcháirí a thabhairt do gach comhalta agus a léamh ag an gCGB.

## Cad iad na cineálacha tuairime is féidir le iniúchóirí a thabhairt?

---

Tá ceithre chineál ann:

- **dea-thuairisc** – ina maítear go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na cuideachta;
- **tuairim mhaolaithe** – ina maítear go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na cuideachta cé is moite de nithe áirithe a luaitear go sonrach sa tuairisc;
- **séanadh tuairime** – ina luann na hiniúchóirí nach bhfuil ar a gcumas a theacht ar thuairim cibé a thugtar nó nach dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais; agus
- **tuairim chodarsnachta** – ina maítear nach dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na cuideachta.

## Cad iad na dualgais eile atá ar iniúchóirí?

---

### Dualgas tuairisc a thabhairt má tharla loiceadh taifid cuntasáochta chuí a choimeád

Sa chás go dtuigtear d’iniúchóirí nár choinnigh cuideachta taifid leordhóthanacha cuntasáochta, ní mór sin a chur in iúl do stiúrthóirí na gcuideachta i scríbhinn.

Sa chás nach gcuireann stiúrthóirí na cuideachta an cás ina cheart laistigh de sheacht lá, ní mór do na hiniúchóirí sin a chur in iúl don OCC. Foilseoidh OCC an bhfíric nach gcoimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanach agus cuirfidh siad in iúl d’Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) a d’fhéadfadh gníomhú i gcoinne stiúrthóirí na cuideachta maidir leis an teip seo.



## Dualgas tuairisc a thabhairt faoi chionta catagóir 1 agus 2

Is ionann cion indíotáilte agus cion atá chomh tromchúiseach agus go ndéanfaí a thiail os comhair breithimh agus giúiré sa Chúirt Chuarda.

Sa chás go dtagann na hiniúcháirí ar eolas le linn iniúcháireacht a dhéanamh dóibh a fhágann den tuairim iad go ndearna an chuideachta nó duine ar bith a bhaineann leis an gcuideachta cion catagóir 1 nó 2 faoi Achtanna na gCuideachtaí, ní mór dóibh:

- sin a chur in iúl d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE); agus
- cuidiú leis an ODCE i mbun an imscrúdúcháin maidir leis an gcuideachta.

Le linn a gcuid oibre iniúchta, féadfaidh iniúcháir a fháil amach cionta catagóir 3 nó 4 faoi Achtanna na gCuideachtaí. Is cionta níos lú iad seo a chuirfidh an t-iniúcháir ar an eolas faoi stiúrthóirí na cuideachta ach de ghnáth ní dhéanfaidh sé tuairisciú ar OSFC. Baineann cionta Catagóirí 3 agus 4 le cionta níos tromchúisí faoin Acht:

- Áirítear i gcionta chatagóir 3 tuairisceáin bhliantúla gan chomhdú, gan mainneachtain CGB a shealbhú; agus
- Áirítear i gcionta chatagóir 4 imeachtaí gnáthaimh amhail mainneachtain oifig chláraithe cuideachta a chur in iúl don OCC.

## Dualgas míniú a thabhairt i gcás éirí as oifig

Sa chás go n-éiríonn iniúcháirí as oifig roimh dheireadh a dtéarma nó go gcuireann siad in iúl nach mian leo go n-athcheapfaí iad, ní mór dóibh míniú air sin a thabhairt i scríbhinn don CRO. Ní mór dóibh a chur in iúl don CRO más dóigh leo gur chóir an chúis atá le héirí as oifig a chur in iúl do chomhaltaí nó do chreidiúnaithe na cuideachta. Déanfaidh an CRO an t-eolas seo a fhoilsiú.

## Dualgas feidhmiú le macántacht ghairmiúil

Tá sraith de chaighdeáin leagtha amach in Acht na gCuideachtaí i mbun iniúchóirí. Déanann Comhlacht Gairmiúla Cuntasóirí nó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (UMICÉ) iniúchtaí iniúchóirí a mhaoirsiú.

Tá comhlacht gairmiúil an iniúchóra liostaithe in aice le hainm an iniúchóra ar shuíomh gréasáin OCC. Más mian leat gearán a dhéanamh faoi iompar iniúchóra, ba cheart duit ar dtús an ábhar a thabhairt ar aird chomhlacht gairmiúil an iniúchóra.

## Cad iad na cearta atá ag iniúchóirí?

---

Tá de cheart ag iniúchóirí:

- leabhair agus cuntais na cuideachta agus a cuid fochuideachtaí a fheiceáil;
- faisnéis agus ábhar míniúcháin a fháil ó stiúrthóirí agus ó fhostaithe na cuideachta;
- fógra a fháil faoi chruinnithe ginearálta na cuideachta agus freastal ar na cruinnithe sin agus labhairt acu; agus
- sa chás go mbeartaítear iniúchóirí a chur as oifig, cúinsí a mhíniú do na comhaltaí ag cruinniú ginearálta agus cur i gcoinne iad a chur as oifig.

## Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?


---

Is féidir eolas níos mine faoi iniúchóirí a fháil ar láithreán gréasáin na hoifige, [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoi dhualgas iniúchóirí agus faoinar gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.

## **Séanadh**

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar iniúchóirí faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d’Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas ná easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire  
D01 W5C2

☎ 01 858 5800  
Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*